Imlitir 0082/2007

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna**

# An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003 - Comhaontú Leasaithe

**1. Cuspóir na hImlitreach seo**

Is é cuspóir na himlitreach seo comhairle a thabhairt d'údaráis scoile go bhfuiltear tar éis teacht ar chomhaontú breise iar chainteanna idir údaráis bhainistíochta na scoileanna, comharchumainn na múinteoirí agus na Ranna Oideachais agus Eolaíochta agus Airgeadais maidir le roinnt saincheisteanna a bhaineann le cur chun feidhme an Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003. Is iad seo a leanas téarmaí na himlitreach comhdhlúite. Tagann an imlitir seo roimh gach imlitir go dtí seo. Beidh téarmaí na himlitreach seo faoi réir athbhreithnithe i bhfianaise taithí agus forbairtí i réimsí eile.

**2. Conarthaí d'fhad amaéiginnte**

2.1 **Sainmhíniú de chonradh d'fhad ama éiginnte**

Duine a bhfuil ionchas aige/aici go gcoimeádfar sa phost é/í faoi réir ghnáthdháta scoir an phoist, agus nach scaoilfear leis/léi gan chúis mhaith mar mí-iompraíocht nó neamhoiriúnacht don phost, nó imthosca an-láidre nó dosheachanta eile. Cuirfear aon dífhostú i ngníomh trí fheidhmiú na socruithe foirceanta aontaithe don earnáil áirithe sin nó fheidhmiú an reachta ábhartha, de réir mar a bheidh.

2.2 **Teidlíocht ar chonradh d'fhad ama éiginnte a mheasúnú**

Chlúdaigh an comhaontú idirthréimhseach múinteoirí cáilithe ag a raibh breis is ceithre bliana seirbhíse as a chéile amhail ar an 1ú Meán Fómhair 2005 mar fhostaithe i mbunscoileanna. Tá an comhaontú idirthréimhseach leagtha amach in primary circular 24/05. Dearbhaíonn an imlitir seo gur chóir go gclúdódh na socruithe seo múinteoirí cáilithe a bhfuil ceithre bliana nó níos mó seirbhíse as a chéile acu amhail ar an 1ú Meán Fómhair 2006 nó ar dháta ar bith ina dhiaidh sin (caithfidh dhá cheann nó níos mó de chonarthaí as a chéile a bheith acu siúd a fostaíodh den chéad uair i ndiaidh 14ú Iúil 2003).

2.2.1 Na múinteoirí téarma shocraithe sin a bhfuil breis is 4 bliana seirbhís teagaisc as a chéile acu amhail ar an 1ú Meán Fómhair 2006 nó ar dháta ar bith ina dhiaidh sin agus a mheastar a bheith cáilithe, gheobhaidh siad conarthaí de fhad ama éiginnte ach sa chás go bhféadann fostóir a léiriú:

> Go mbeidh post neamhinmharthana laistigh de thréimhse réasúnta agus áit a leagadh amach foras mar sin mar fhoras oibiachtúil i scríbhinn sa chonradh roimhe seo.
>
> **Nó**
>
> Go bhfuil an duine atá ag clúdach do shealbhóir poist ar scéim cheadaithe cead neamhláithreachta.

Ní bheidh feidhm ag na heisiatachtaí réamhráite i gcás nach bhfuair an duine conradh scríofa a leag amach forais oibiachtúla ó Mheán Fómhair 2003 i leith. Gheobhaidh daoine mar sin (a mheastar a bheith cáilithe) conarthaí de fhad ama éiginnte go huathoibritheach.

2.2.2 Is iad na huaireanta a bheidh sa chonradh de fhad ama éiginnte na huaireanta a fostaíodh fostaí lena n-aghaidh ar chonradh téarma shocraithe sa scoilbhliain roimh eisiúint an chonartha d'fhad ama éiginnte (seachas na huaireanta sin atá ceaptha le haghaidh soláthar clúdaigh shealadaigh).

2.2.3 Ach sa chás go bhféadann fostóir a léiriú go bhfuil údáir cúisimh foirmiúla tábhachtacha scríofa in aghaidh an duine ar fhorais mhí-iompraíochta nó cionta tromchúiseacha araíonachta eile, eiseoidh an fostóir conradh de fhad ama éiginnte do dhuine ar bith nach n-eisiatar ag téarmaí chlásáil 2.2.1 thuas.

2.3 **Cáilíochtaí**

Tá sé aontaithe ar bhonn eisceachtúil gur féidir go mbeadh feidhm ag forálacha alt 2.2 thuas i gcás na múinteoirí sin san earnáil bhunoideachais ar múinteoirí cáilithe iarbhunoideachais iad, le haitheantas ón gComhairle Teagaisc, agus a fhaigheann tuarastal imcriminteach. Ba cheart go bhfaigheadh múinteoirí mar iad, a bhfuil ceithre bliana seirbhíse as a chéile acu ar 1/9/06 nó ar dháta ar bith ina dhiaidh sin agus a cháilíonn ar gach slí eile do chonradh de fhad ama éiginnte faoi théarmaí chlásál 2.2 thuas, conr adh mar é.

Ba cheart a nótáil nach mbeidh teacht ag daoine mar iad (ach sa chás go ndéantar bunmhúinteoirí láncháilithe díobh ina dhiaidh sin) ar an scéim ath-imlonnaithe.

2.4 Múinteoirí a bhfuil Aitheantas Sealadach acu

Go nuige seo tugadh tréimhse ama do mhúinteoirí mar iad chun pas a fháil sa Scrúdú le haghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge (SCG) d'fhonn stádas mar bhunmhúinteoirí láncháilithe a bhaint amach.

Ó Mhárta, 2006 i leith bhí an Chomhairle Teagaisc freagrach as clárú gach múinteora lena n-áirítear iad siúd ar tagraíodh dóibh thuas agus i gcásanna mar sin eisíonn an Chomhairle clárú coinníollach chun múineadh san earnáil bhunoideachais (4-12 bliain) le rogha chun an riachtanas Gaeilge den Scrúdú Cumais (SCG) nó Tréimhse Oiriúnaithe a chomhlíonadh.

Aontaíodh na téarmaí seo a leanas ar bhonn eisceachtúil maidir leis na múinteoirí sin a roghnaíonn a) Tréimhse Oiriúnaithe & b) Scrúdú Cumais.

a) Féadfaidh múinteoirí atá fostaithe faoi láthair san earnáil bhunoideachais agus a bhfuil clárú sealadach acu ón gComhairle Teagaisc le haghaidh na hearnála bunoideachais (4-12 bliain) (Riachtanas Gaeilge – Tréimhse Oiriúnaithe) leanúint orthu a bheith fostaithe i gcáil téarma shocraithe le haghaidh fad na tréimhse oiriúnaithe, i.e. suas go 3 bliana, ar choinníoll go bhfuil gá fós leis an bpost inar ceapadh an múinteoir. Tá múinteoirí a bhfuil an clárú coinníollach seo acu incháilithe chomh maith le ceapadh i gcáil téarma shocraithe i bpost téarma shocraithe/buan ag leibhéal an bhunoideachais. Ní mhairfidh cáilitheacht do cheapacháin mar iad níos faide ná an tréimhse ar tugadh clárú coinníollach lena haghaidh. Tá na múinteoirí incháilithe le bheith íoctha ag an ráta oilte pá ar feadh fad na tréimhse oiriúnaithe, i.e. suas go 3 bliana.

b) Múinteoirí a bhfuil cáiliú sealadach faighte acu d'earnáil an bhunoideachais (4-12 bliana) (Riachtanas Gaeilge – Scrúdú Cumais) beidh siad incháilithe fós le haghaidh fostaíochta i gcáil téarma shocraithe i bpost téarma shocraithe nó i bpost buan i mbunscoil agus a bheith ioctha ag an ráta oilte pá. Ní mhairfidh cáilitheacht do cheapacháin mar iad níos faide ná an tréimhse ar tugadh clárú coinníollach lena haghaidh.

Áireofar na téarmaí a dtugtar srac-chuntas orthu ag a) & b) thuas mar choinníoll oibiachtúil le haghaidh conradh téarma shocraithe agus mar fhoras oibiachtúil chun nach n-eiseofaí conradh d'fhad ama éiginnte.

Sa chás go mbaintear amach cáilíochtaí iomlána mar a fhorordaítear ag an gComhairle Teagaisc tá múinteoirí mar iad cáilithe le bheith curtha san áireamh le haghaidh Conradh d'Fhad Ama Éiginnte laistigh de théarmaí 2.2 den imlitir seo.

**3. Córas moltóireachta**

Tá córas aontaithe ann chun moltóireacht a dhéanamh ar achomhairc ó dhaoine éagóraithe. Córas deonach is ea an córas moltóireachta a ceapadh chun réiteach tapa éifeachtach a thabhairt ar aighnis a d'eascródh ó dhámhachtain conradh de fhad ama éiginnte nó ó dhiúltú conradh mar é a dhámhachtain. Tá páirtí ar bith ar ndóigh saor chun faoiseamh reachtúil a lorg más mian leo. Leagann Departmental circular 0047/2006 amach sonraí an chórais mholtóireachta. Tá Mr Peter Ward tar éis toiliú a bheith ina Mholtóir.

**4. Nósanna Imeachta Earcaíochta**

Ba cheart go bhfaigheadh na múinteoirí sin atá fostaithe ar a gcéad chonradh de théarma shocraithe a dtéarmaí scríofa fostaíochta laistigh de dhá mhí ón dáta ar a ceapadh iad. Ba cheart go síneodh an fostaí agus an fostóir na téarmaí agus na coinníollacha. Ba cheart go bhfaigheadh an fostaí cóip den doiciméad agus go gcoimeádfadh an fostóir cóip ar comhad.

4.2 Caithfidh na coinníollacha oibiachtúla a chinneann an comhthéacs a bheith i ngach ráiteas téarmaí cibé an iad na coinníollacha sin:

Teacht ar dháta sonraithe
Tasc ar leith a chur i gcrích, nó
Teagmhas ar leith a thitfeadh amach..

4.3 Má bhíonn sé ar intinn ag fostóir conradh téarma shocraithe a athnuachan, caithfidh an fostóir na forais oibiachtúla d'athnuachan an chonartha téarma shocraithe **agus** an fáth nach bhfuil conradh de fhad ama éiginnte á thairiscint a chur in iúl i scríbhinn don fhostaí téarma shocraithe ar lá na hathnuachana ar a dhéanaí.

4.4 I gcásanna mar a bhfuil súil le folúntas de bhreis is 26 seachtain ba cheart an post a fhógairt agus a líonadh trí phróiseas foirmiúil earcaíochta agus na nósanna imeachta agus na critéir chéanna a úsáid is a n-úsáidtear d'fholúntais bhuana. Nótáil le do thoil go leasaíonn sé seo Imlitir Bhunoideachais 0105/2006, Fostú Bunmhúinteoirí Cáilithe, Alt 4, ó fholúntais a bhfuil súil leo de fhad 24 seachtaine go 26 seachtaine.

4.5 I gcás go dtugtar saoire shealadach .i. sos gairme, iasacht, saoire staidéir etc. do mhúinteoir, beidh sé de fhreagracht ar an údarás fostaíochta ionadaí sealadach a fhostú go ceann tréimhse na neamhláithreachta sealadaí. Fostófar aon ionadaí ar na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta aontaithe le haghaidh múinteoirí téarma shocraithe mar a leagtar amach san imlitir seo.

4.6 Tá ceanglas ann daoine cuícháilithe a earcú do gach folúntas beag beann ar a fhad. In imthosca eisceachtúla mar a léiríonn an fostóir go ndearnadh gach iarracht réasunta múinteoir cáilithe a earcú, féadfar duine neamhcháilithe a earcú ar feitheamh ar earcú múinteora cáilithe, agus caithfear an fhoráil sin a chur sna téarmaí ceapacháin a eiseofar don duine neamhcháilithe.

4.7 I gcás go mbíonn múinteoir lánchháilithe fostaithe ar chonarthaí leantacha sa phost céanna nó i bpoist chomhchosúla leis an bhfostóir céanna, beidh gá le próiseas agallaimh don chéad cheapachán agus dó sin amháin.

## 5. Téarmaí fostaíochta le haghaidh múinteoirí téarma shocraithe

### Ginearálta

Is é prionsabal na cóireála ní lú fabhar an prionsabal a fheidhmeofar i dtaca le fostaithe téarma shocraithe le linn na tréimhse conartha ach sa chás go mbíonn forais oibiachtúla ann dá mhalairt. Aontaítear i gcoitinne go dtagann aon oibleagáid ar an bhfostóir maidir le coinníollacha fostaíochta chun deiridh ar éag conartha agus, dá bharr sin, ar chríoch an ghaol fhostaíochta.

### Fógairt folúntas buan le haghaidh múinteoirí téarma shocraithe

Caithfear fógra a thabhairt do mhúinteoirí téarma shocraithe nuair a bhíonn folúntas buan ann. Ní féidir an modh len é sin a dhéanamh a réamhchinntiú do gach earnáil ar leith. Ar na modhanna a bheadh inghlactha bheadh: láithreán gréasáin an fhostóra/fógraí do dhaoine indibhidiúla lasmuigh d'am téarma/bord fógraí na scoile le linn am téarma. Áireofar an modh a úsáidfear chun folúntais bhuana a fhógairt i ráiteas scríofa na dtéarmaí a thabharfar do gach múinteoir téarma shocraithe. An cuspóir atá leis ná a chinntiú go gcuirtear múinteoir téarma shocraithe ar an eolas go tráthúil maidir le folúntas ionas gur féidir léi/leis cur isteach ar an bpost sin má thograíonn sí/sé. Ba cheart do gach fostaí forálacha an Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003 a nótáil a fhorálann ag alt 10.2 gur féidir eolas i dtaobh folúntais *"a sholáthar i bhfógra ginearálta ag áit nó ionad nó bunaíocht oiriúnach".*

### 5.3 Teacht ar oiliúint i gcás fostaithe téarma shocraithe

#### 5.3.1 Oiliúint Inseirbhíse

Ba cheart go mbeadh an teacht chéanna ag gach fostaí téarma shocraithe ar oiliúint inseirbhíse is a bhíonn ag fostaithe buana is inchomparáide. Ní theorannófar an teacht sin go laethanta ar a mbíonn an fostaí téarma shocraithe (lena n-áiritear páirtaimseartha) fostaithe de ghnáth.

#### 5.3.2 Oiliúint Iarchéime

Beidh fostaithe téarma shocraithe cáilithe chun cur isteach ar chúrsaí iarchéime ar an mbonn céanna le fostaithe buana is inchomparáide. Íocfar fostaithe téarma shocraithe as a bheith i láthar ag cúrsaí mar sin (nuair is infheidhme) ar an mbonn céanna le fostaithe buana is inchomparáide agus ní ghabhfaidh an íocaíocht thar thréimhse chonradh an fhostaí téarma shocraithe.

### 5.4 Sosanna Gairme:

Beidh teacht ag múinteoirí téarma shocraithe ar an scéim shos gairme ar an mbonn céanna le múinteoirí buana san earnáil chéanna. Ní dhiúltófar d’iarratais ar shos gairme ar na forais gur fostaí téarma shocraithe í/é an t-iarrthóir agus ar na forais sin amháin. Tabharfar an chúis le hiarratas ar shos gairme a dhiúltú i scríbhinn ag an mBord Bainistíochta. Tiocfaidh deireadh le teacht ar an scéim shos gairme i ngach cás ar éag agus neamhathnuachan an chonartha téarma shocraithe.

### 5.5 Jabroinnt:

Beidh teacht ag múinteoirí téarma shocraithe ar an scéim jabroinnte ar an mbonn céanna le múinteoirí buana san earnáil chéanna. Ní dhiúltófar d’iarratais ar jabroinnt ar na forais gur fostaí téarma shocraithe í/é an t-iarrthóir agus ar na forais sin amháin. Tiocfaidh deireadh le teacht ar jabroinnt ar an mbonn céanna agus a tharlaíonn le múinteoirí buana agus i ngach cás ar éag agus neamhathnuachan an chonartha faoinar fostaíodh an múinteoir mar jabroinnteoir .

### 5.6 Saoire Bhreoiteachta:

- **deimhnithe:** an teideal céanna is a bhíonn ag múinteoirí buana le linn conartha
- **neamhdheimhnithe:** an teideal céanna is a bhíonn ag múinteoirí buana le linn conartha

5.7 **Saoire Atruach:**
Beidh an teideal céanna ag múinteoir téarma shocraithe ar shaoire atruach is a bhíonn ag múinteoirí buana san earnáil chéanna le linn conartha.

5.8 **Saoire Tuismitheoirí:**
Beidh an teideal céanna ag múinteoir téarma shocraithe ar shaoire tuismitheoirí is a bhíonn ag múinteoirí buana san earnáil chéanna le linn a gconartha.

5.9 **Saoire Aithreachais:**
Beidh an teideal céanna ag múinteoirí téarma shocraithe ar shaoire aithreachais is a bhíonn ag múinteoirí buana san earnáil chéanna le linn a gconartha.

5.10 **Saoire Force Majeure:**
Beidh an teideal céanna ag múinteoirí téarma shocraithe ar shaoire force majeure is a bhíonn ag múinteoirí buana san earnáil chéanna le linn a gconartha.

5.11 **Saoire Cúramóirí:**
Beidh an teideal céanna ag múinteoirí téarma shocraithe ar shaoire cúramóirí is a bhíonn ag múinteoirí buana san earnáil chéanna le linn a gconartha.

5.12 **Neamhláithreachtaí gairide:**
Beidh an teideal céanna ag múinteoirí téarma shocraithe ar neamhláithreachtaí gairide ghearr is a bhíonn ag múinteoirí buana san earnáil chéanna le linn a gconartha.

5.13 **Saoire Mháithreachais:**
Beidh an teideal céanna ag fostaithe téarma shocraithe ar phá is a bhíonn ag múinteoirí buana fad a bhíonn siad ar shaoire mháithreachais a tharlaíonn le linn théarma a gconartha. Sa chás go leanfar an conradh faoinar fostaíodh iad le conradh eile ní bhrisfear as a bpost iad agus leanfar de phá mháithreachais a íoc go dtí deireadh an phá mháithreachais faoin scéim shaoire mháithreachais nó go dtí éag an chonartha deiridh, cibé acu is luaithe. Má éagann conradh faoinar fostaíodh múinteoir agus muna n-athnuaitear é agus má thagann deireadh leis an bhfostaíocht, tiocfaidh deireadh chomh maith leis an teideal ar shaoire mháithreachais íoctha.

***NÓTA:** Beidh feidhm ag na coinníollacha fostaíochta réamhráite maidir le daoine neamhcháilithe chomh maith. I gcás múinteoirí ócáideacha agus ionaid agus múinteoirí atá fostaithe le haghaidh tréimhsí gairide beidh feidhm ag téarmaí na gcomhaontuithe a bhí cheana ann maidir leo.

**6. Meicníocht chun na poist agus an pearsanra atá ar fáil a ailíniú.**

6.1 Leanfar den mhodh a bhí cheana ann chun poist a leithdháileadh ar gach scoil/earnáil.

6.2 Chun críocha líon na múinteoirí i bpoist a áireamh a bhfuil gealltanas conartha ann ina leith, beidh sé riachtanach líon na múinteoirí buana a chomhcheangal leis an líon atá ar chonarthaí de fhad ama éiginnte. Bunaithe ar an sainmhíniú aontaithe d'fhostaí ar chonradh de fhad ama éiginnte, tá na cearta tionachta éifeachtacha céanna ag fostaithe ar chonarthaí de fhad ama éiginnte is atá ag múinteoirí buana. Nuair a chomhcheanglaítear líon na múinteoirí buana agus na múinteoirí ar chonradh de fhad ama éiginnte, gheofar i scoileanna áirithe líon iomlán múinteoirí atá ag nó os cionn an chuóta don scoil bunaithe ar an modh a úsáidtear chun an leithdháileadh a ríomh.

6.3 I gcás go dtiteann líon iomlán na múinteoirí i socruithe buana/ar chonradh d'fhad ama éiginnte **<u>faoi bhun</u>** líon na bpost buan/uaireanta faofa bunaithe ar an leithdháileadh cuirfear na roghanna seo a leanas i bhfeidhm, ceann i ndiaidh a chéile, ag fostóirí maidir le líonadh gach poist/uaireanta mar iad

(a) gheobhaidh múinteoir téarma shocraithe a cháilíonn le haghaidh conradh d’fhad ama éiginnte faoi alt 2 thuas conradh d’fhad ama éiginnte agus líonfaidh sí/sé an post

(b) úsáidfear an painéal ath-imlonnaithe de réir aon socruithe chomhaontaithe

I ndiaidh chríoch céimeanna (a) agus (b) thuas fógrófar aon phost bhuan/uaireanta atá fágtha mar fholúntas

6.4 Sa chás gurb **<u>ionann</u>** nó go sáraíonn líon iomlán na múinteoirí i socruithe buana/ar chonradh de fhad ama éiginnte líon na bpost buan ceadaithe bunaithe ar an leithdháileadh, ní ceadmhach aon phost buan eile a fhógairt. Sa chás go n-aithnítear riachtanas do phost nó do mhéid áirithe uaireanta bunaithe ar riachtanais churaclaim atá sa bhreis ar an leithdháileadh, beidh gá le ceadú speisialta ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta chun poist/uaireanta mar iad a líonadh.

6.5 Sa chás go **<u>sáraíonn</u>** líon iomlán na múinteoirí i socruithe buana/ar chonradh de fhad ama éiginnte líon na bpost buan ceadaithe bunaithe ar an leithdháileadh sa scoil **<u>agus</u>** nach mbíonn fostaíocht oiriúnach eile ar fáil laistigh den fhostaíocht sin glacfar na bearta seo a leanas:

6.6 **Ath-imlonnú (Cearta Painéil)**

6.6.1 **Sinsearacht –** Chun críocha sinearachta a chinneadh ní dhéanfar aon idirdhealú idir seirbhís bhuan agus seirbhís ar chonradh de fhad ama éiginnte. Is é dáta oibriúcháin an chonartha d’fhad ama éiginnte an dáta a thugann an fostóir nó tríú páirtí cibé acu is túisce. Ní dhéanfar aon idirdhealú idir múinteoirí páirtaimseartha agus múinteoirí lánaimseartha a fhostaítear ar chonarthaí buana nó ar chonarthaí de fhad ama éiginnte chun críocha ath-imlonnaithe agus aistreofar an dá aicme ar a n-uaireanta conraithe. Féadfaidh na huaireanta ar aistriú a bheith éagsúil le comhaontú an aistrí.

6.6.2 Leanfaidh cearta forlíontacha painéil na múinteoirí téarma shocraithe (nuair is ann dóibh) díreach mar a bhí cheana. Ní dhéanfar aon idirdhealú idir múinteoirí páirtaimseartha agus múinteoirí lánaimseartha i dtéarmaí cearta forlíontacha painéil.

6.6.3 Glactar leis i bprionsabal go bhfuil ceart ag múinteoirí láncháilithe páirtaimseartha a fhostaítear ar chonarthaí d’fhad ama éiginnte ar ath-imlonnú más gá sin. Beidh na socruithe oibriúcháin is gá chun soláthar a dhéanamh d’ath-imlonnú múinteoirí páirtaimseartha mar chuid de na comhráite ginearálta beartaithe faoi I dTreo 2016 i dtaobh socruithe painéil faoi mar atá a bheidh ann ag tráth nach déanaí ná Nollaig, 2007, chun an prionsabal seo a chur san áireamh le haghaidh na scoilbhliana 2008/2009. Tarchuirfear aon cheisteanna le haghaidh soiléirithe a bhaineann leis an reachtaíocht d’Oibrithe Téarma Shocraithe nó d’Oibrithe Páirtaimseartha chuig an Chomhairle Eadrána do Mhúinteoirí.

Bheimis buíoch díot as cinntiú go gcuirtear cóipeanna den imlitir seo ar fáil d'ionadaithe cuí na dtuismitheoirí agus na múinteoirí le scaipeadh ar na múinteoirí agus na tuismitheoirí indibhidiúla.

Is féidir teacht ar an imlitir seo ar láithreán gréasáin na Roinne www.education.ie faoi Foireann Scoile/Bunoideachas/Ciorclán agus Leabhráin Eolais nó le ceist ríomhphoist chuig. primary_payments@education.gov.ie

Seán Ó Breacáin
Príomhoifigeach
Lúnasa 2007